Higher Education and Training Awards Council
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

C/A44/6.2.2. le mionathruithe tar éis a chur i láthair ag an gComhairle 18/12/2008

Polasaí maidir le cláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí

–Creidiúnú, Dearbhú Cáilíochta agus Tarmligean Údaráis

Clár Ábhair

1 Réamhrá 3

2 Soláthar Comhoibritheach 4

3 Cláir trasnáisiúnta go sonrach 9

4 Comhdhámhachtainí a bhronnadh agus a dhéanamh 14

5 Tagairtí ..... **Error! Bookmark not defined.**

6 Aguisín 20

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
The Higher Education and Training Awards Council

Réamhfhocal

Tá rólanna tábhachtacha ag soláthar comhoibritheach, soláthar trasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí in oideachas agus oiliúint go háirithe i gcomhthéacs an Réimse Ardoideachais Eorpach agus an Limistéir Taighde Eorpach.

Molann an doiciméad seo polasaí agus critéir do chreidiúnú/bailíochtú, tarmligean údaráis, agus dámhachtainí a dhéanamh i gcomhthéacs clár comhoibritheach agus clár trasnáisiúnta agus clár comhdhámhachtana.

1 RÉAMHRÁ

1.1 Cuspóirí, scóip, forfheidhmiú

1.1.1 Faoi réir ag Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 (a dtagraítear dó mar Acht na gCáilíochtaí sa doiciméad seo) déanfaidh HETAC creidiúnú nó comhchreidiúnú (le húdaráis eile) ar chláir chomhoibritheacha agus cláir thrasnáisiúnta agus déanfaidh siad[1] agus tabharfaidh siad aitheantas do chomhdhámhachtainí.

1.1.2 Baineann caighdeáin, polasaí agus critéir HETAC (do chreidiúnú cláir, dearbhú cáilíochta, measúnacht fhoghlaimeoirí, dámhachtainí a dhéanamh agus tarmligean údaráis), forlíonta leis an bpolasaí agus na critéir sa doiciméad seo, le cláir comhoibritheacha agus cláir trasnáisiúnta as a dtagann dámhachtainí déánta ag HETAC nó ag foras aitheanta de chuid na Comhairle faoi údarás tarmligthe nó comhdhámhachtainí déanta acu sin thuas i gcomhpháirt le comhlachtaí eile. Níl an polasaí forlíontach le cur in áit pholasaithe eile de chuid HETAC.

1.1.3 Tagann '*Polasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí* (2008)' in ionad:

- '*Polasaí agus Critéir maidir le Comhdhámhachtainí a Dhéanamh, Comhchreidiúnú agus Creidiúnú Clár Comhsholáthraithe agus Dearbhú Cáilíochta Sholáthraithe Cuibhreannais ar Chomhdhámhachtainí*' (2005) agus
- *'Polasaí HETAC ar Dhámhachtainí Thar Lear'*.

1.1.4 Féadfaidh soláthraithe clár a faomhadh roimhe seo faoi iar-Pholasaí HETAC ar Dhámhachtainí Thar Lear iarratas a dhéanamh ar HETAC, laistigh de shé mhí ó thús an '*Pholasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí* (2008)', chun leanúint le faomhadh ag léiriú conas a chomhlíonann na cláir sin mar aon le na seirbhísí agus socruithe gaolmhara riachtanais an pholasaí nua; ina éagmais sin rachaidh faomhadh i léig go huathoibreach do rolluithe nua fhoghlaimeoirí.

1.2 Léirmhíniú[2]

1.2.1 Ciallaíonn "**clár oideachais agus oiliúna**" 'aon phróiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí eolas, scil nó inniúlacht a bhaint amach agus folaíonn sé cúrsaí staidéir nó teagaisc, printíseachtaí, oiliúint agus fostaíocht agus forléireofar tagairtí do "clár" dá réir sin'.

1.2.2 Ciallaíonn an téarma "**soláthraí**" 'duine nó comhlacht a dhéanann clár oideachais agus oiliúna a sholáthar, a eagrú nó a thabhairt i gcrích agus forléireofar tagairtí do "soláthraí" dá réir sin.

1.2.3 Ciallaíonn an téarma "**bailíochtú**" 'an próiseas trína ndeimhneoidh comhlacht dámhachtana dó féin go bhféadfaidh foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht a bhaint amach chun críche dámhachtana arna dhéanamh ag an gcomhlacht dámhachtana'. Cuirtear an téarma 'bailíochtú' san áireamh go follasach anseo toisc gur ceann de fheidhmeanna HETAC é faoi Acht na gCáilíochtaí.

1.2.4 Tá sainmhíniú ag HETAC ar an téarma "**creidiúnú cláir**" ina Pholasaí, Critéir agus Próisis Creidiúnaithe do Chláir Céime Teagaisc agus Taighde (2005). Is é an difríocht shubstaintiúil atá idir 'creidiúnú' agus 'bailíochtú' gur gá do 'chreidiúnú' go mbeadh nósanna imeachta dearbhú cáilíochta faofa curtha in áit ag an soláthraí, agus do 'bhailíochtú' nach gá. Úsáidtear an téarma Creidiúnú Cláir freisin i gciallanna difriúla i dtíortha áirithe mar a dtagraíonn sé d'fheidhm faofa neamhspleách sheachtrach a reachtálann údarás neamhspleách nach comhlacht dámhachtana é.

[1] Déantar comhdhámhachtainí i gcomhpháirt, ar ndóigh. Beidh an tuiscint seo i bhfeidhm tríd síos.

[2] Athfhriotail ó Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999.

1.2.5 Ciallaíonn "**dámhachtain**" chun críche an doiciméid seo cáilíocht ardoideachais agus oiliúna a bhronnann, a dheonaíonn nó a thugann comhlacht dámhachtana agus a thaifeadann go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta bainte amach ag an bhfoghlaimeoir.

1.2.6 Ciallaíonn "**comhlacht dámhachtana**" comhlacht a dhéanann dámhachtainí. Chun críche an doiciméid seo ciallaíonn sé seo HETAC, foras aitheanta de chuid na Comhairle nó aon chomhlacht atá aitheanta ag HETAC mar chomhlacht dámhachtana.

1.2.7 Is "**foras aitheanta de chuid na Comhairle**" é foras a bhfuil cur síos air in Alt 24 de Acht na gCáilíochtaí. Faoi láthair (2008) cuimsíonn an liosta trí cinn déag d'institiuidí teicneolaíochta.

2 SOLÁTHAR COMHOIBRITHEACH

2.1 Réamhábhair

2.1.1 Ciallaíonn soláthar comhoibritheach chun críche an doiciméid seo dhá sholáthraí nó níos mó a bheith páirteach i gcomhaontú foirmiúil i soláthar cláir ardoideachais agus oiliúna.

2.1.2 Tá réimse foirmeacha difriúla soláthar comhoibritheach ann. D'fhéadfadh comhoibriú a bheith ann i bhforbairt an chláir, i monatóireacht acadúil an chláir, i dteagasc, i measúnú, etc. nó cumasc de chuid acu sin.

2.1.3 Is féidir go mbeadh sé deacair comhoibriú a chur ag obair go praiticiúil mar sin ba cheart go mbeadh sochair shoiléire as aon chlár comhoibritheach a bhunú agus as rannpháirtíocht gach ceann de na soláthraithe comhpháirteacha.

2.1.4 Ba cheart do sholáthraithe comhoibritheacha comhaontú foirmiúl oiriúnach a bhunú eatarthu sula dtosófaí ar chlár comhoibritheach. Tagrófar don chomhaontú sin mar **comhaontú cuibhreannais** agus na soláthraithe a bheidh páirteach ann mar sholáthraithe comhpháirteacha. Tagrófar don ghrúpa soláthraithe comhpháirteacha mar cuibhreannas. Tá treoirlínte maidir leis an gcomhaontú cuibhreannais san Aguisín.

2.1.5 Tá soláthraí freagrach as aon ghníomhaíochtaí a reachtáltar ina ainm agus síneann an fhreagracht seo go gníomhartha a reachtálann cuibhreannais ina bhfuil an soláthraí páirteach. Dá réir sin, ba cheart do Chomhairle Acadúil sholáthraí (nó a choibhéis de choiste ardleibhéil) an straitéis uileghabhálach do sholáthar comhoibritheach a bhunú; soláthraithe comhoibritheacha ionchais a fhaomhadh agus ba cheart dó a bheith páirteach i mbunú aon socruithe comhoibritheacha agus na comhaontaithe gaolmhara cuibhreannais.

2.1.6 Ba cheart do sholáthraí atá ag smaoineamh ar dhul isteach i gcuibhreannas le soláthraithe comhpháirteacha a chinntiú go bhfuil dea-sheasamh acadúil agus airgeadais ag an gcuibhreannas ionchasach ina iomlán agus gach ceann dá sholáthraithe comhpháirteacha agus go mbeadh siad i dteideal, inniúil agus dóthain acmhainní acu chun a ndualgais a chomhlíonadh. Ba cheart do sholáthraithe comhpháirteacha a chinntiú go bhfuil siad i dteideal go dhlíthiúil dul isteach sa chomhaontú cuibhreannais.

2.1.7 De ghnáth, ba cheart gur i gcomhpháirt a dhéanfaí forbairt ar chlár comhoibritheach. Bíodh sé sin amhlaidh nó ná bíodh, ba cheart go dtabharfadh an cuibhreannas aitheantas iomlán do gach eilimint den chlár comhoibritheach mar chomhpháirteanna den chlár comhoibritheach. Ní choisceann sé seo soláthar modúl roghnach nach páirt den chlár comhoibritheach iad ach a bhfuil gá leo chun freastal ar riachtanais eile seachas torthaí foghlama tuartha an chláir chomhoibrithigh (i.e. na torthaí is gá a bhaint amach sula bhféadfar an dámhachtain oideachais agus oiliúna ábhartha a dhéanamh).

2.1.8 Ba cheart do chuibhreannas atá ag bunú chláir chomhoibrithigh comhpolasaí, nósanna imeachta agus critéir a leagadh síos (de réir reachtaíochta náisiúnta agus de réir pholasaithe agus nósanna imeachta na soláthraithe comhpháirteacha) do gach ábhar a bainfeadh leis. Is gá aird ar leith a thabhairt ar nósanna imeachta agus critéir do rochtain ar an gclár ag foghlaimeoirí agus do mheasúnú ar fhoghlaimeoirí ag céimeanna éagsúla. Ba cheart go mbeadh aon mheasúnú faofa a dhéanfadh nó aon chreidiúint acadúil a shannfadh aon soláthraí comhpháirteach amháin i leith eilimint den chlár comhoibritheach aitheanta go huile agus go huathoibreach ag soláthraithe comhpháirteacha eile an chuibhreannais de réir na straitéise measúnaithe cláir comhoibrithigh a bheadh comhaontaithe ag na soláthraithe comhpháirteacha ar fad.

2.1.9 Níor cheart go mba ghá d'fhoghlaimeoirí ionchasacha iarratas iontrála a dhéanamh ach ar chlár/eintiteas aonair agus ba cheart go mbeadh rochtain go héasca acu ar eolas faoin gclár ag pointe aonair. Ba cheart go gcuirfí in iúl d'fhoghlaimeoirí ionchasacha cé hiad na soláthraithe comhpháirteacha sa chuibhreannas; na comhlachtaí dámhachtana; stádas creidiúnaithe/bailíochtaithe an chláir; an cineál dámhachtana, ainm na dámhachtana agus a ionad sa chreatoibre ábhartha cáilíochtaí; riachtanais réamhfhoghlama agus riachtanais

iontrála eile; aitheantas ag comhlachtaí rialaithe, reachtúla nó gairmiúla; struchtúr an chláir agus torthaí tuartha foghlama cláir; na rialacháin atá i gceist (lena n-áirítear *inter alia* iad sin a bhaineann le measúnú, achomhairc agus gearáin, ag féachaint don ghá atá le bheith soiléir agus comhsheamhach i dtaca le cé acu de rialacháin institiúideacha (agus nósanna imeachta etc.) ar leith gach soláthraí comhpháirteach atá i gceist i.e atá corpraithe; agus an sceideal tréimhsí staidéir atá le caitheamh i bhforais na soláthraithe comhpháirteacha chomh maith leis an eolas atá riachtanach de réir *'Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta do Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí'* de chuid Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (Aguisín 2) agus Acht na gCáilíochtaí.

2.1.10 Ba cheart go mbeadh pleananna teagmhasacha ag cuibhreannas ar bith ag taispeáint conas is féidir leis a dhualgais i leith fhoghlaimeoirí a chomhlíonadh, ionas sa chás nach féidir leanúint le clár comhoibritheach ar leith, go bhfuil socruithe malartacha in áit ionas go bhfuil ar chumas fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár cheana féin aistriú gan mhoill mhíréasúnta go clár cosúil leis agus cáilíocht a ghnóthú atá coibhéiseach leis an gceann a bhí le teacht as an gcéad chlár. I gcás cuibhreannas a bhfuil sé ar intinn acu cláir a fheidhmiú ar bhonn tráchtála agus brabúsach, bainfidh Ailt 43 agus 44 d'Acht na gCáilíochtaí leo.

2.1.11 Má bhíonn forais aitheanta de chuid na Comhairle páirteach i gCuibhreannas (pé acu a bhfuil údarás tarmligthe acu ó HETAC nó nach bhfuil) ba cheart dóibh súil a choinneáil, le leibhéal cuí freagrachta a bheadh sainmhínithe go soiléir, orthu seo a leanas ar fad:

- socruithe d'fhógraíocht agus earcú fhoghlaimeoirí
- rochtain, aistriú agus forchéimniú fhoghlaimeoirí
- foireann acadúil a bheadh páirteach sa chlár
- dearbhú cáilíochta
- measúnú fhoghlaimeoirí
- dámhachtainí a mholadh, Dioplóma Forlíontach Europass a eisiúint

Tagann sé seo ón bprionsabal go bhfuil soláthraí freagrach as aon ghníomhaíochtaí a reachtáltar ina ainm agus ní choisceann sé sholáthraithe comhpháirteacha ó bheith páirteach sna réimsí seo.

Tá an méid sin thuas faoi réir ag an gcoinníoll nár cheart d'fhoras aitheanta de chuid na Comhairle údarás a tharmligean atá tarmligthe chuige ag HETAC agus nár cheart dó cearta dá stádas aitheanta nó creidiúnú nó údarás tarmligthe a shaincheadú, a dhíol nó a aistriú. (Féach Ailt 3 agus 4 do shonraí, i dtaca le cláir trasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí, faoi seach.).

2.1.12 Ba cheart don cuibhreannas agus a sholáthraithe comhpháirteacha a chinntiú go mbeadh gach cur i láthair do na meáin (preaseisiúintí etc.) faoin soláthar ábhartha fíorasach, cothrom agus cruinn.

2.1.13 Ba cheart go mbeadh cláir chomhoibritheacha áirithe i bhféilirí (nó a gcoibhéis) na soláthraithe comhpháirteacha agus ar a bpríomhshuímh ghréasáin.

2.1.14 Baineann polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta Údarás Cáilíochtaí na hÉireann maidir le Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'fhoghlaimeoirí le cuibhreannais atá ag soláthar clár comhoibritheach atá creidiúnaithe/bailíochtaithe ag HETAC nó foras aitheanta de chuid na Comhairle.

2.1.15 Tá creidiúnú/bailíochtú agus dearbhú cáilíochta clár trasnáisiúnta lena bhfuil soláthar comhoibritheach i gceist faoi réir freisin ag Alt 3 den doiciméad seo, a phléann go sonrach le cláir thrasnáisiúnta. Baineann sé seo le gach fo-alt d'Alt 2.

2.2 Socruithe eachtracha dhearbhú cáilíochta (lena n-áirítear creidiúnú cláir)

2.2.1 De ghnáth beidh na gníomhaireachtaí dearbhú cáilíochta seachtracha ábhartha do gach soláthraí comhpháirteach páirteach sa dearbhú cáilíochta do chláir chomhoibritheacha.

2.2.2 I gcomhthéacs sholáthair chomhoibrithigh féadfaidh HETAC, trí chomhaontú, glacadh leis go gcomhlíonann na próisis faofa a bhíonn in úsáid ag gníomhaireachtaí dearbhú cáilíochta bunaithe laistigh den Réimse Eorpach Ardoideachais nó gníomhaireachtaí in aon tír lena bhfuil meabhrán tuisceana foirmiúil ceangailte le dlí (nó a cheibhéis) bunaithe ag HETAC a riachtanais féin go hiomlán nó go páirteach.

2.3 Nósanna imeachta cáilíochta

2.3.1 Sonraíonn an doiciméad 'Caighdeáin agus Treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta sa Réimse Eorpach Ardoideachais'[3] na riachtanais ghinearálta do dhearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach go ginearálta. Tá riachtanais níos mine leagtha síos sa doiciméad de chuid HETAC dar teideal 'Treoirlínte agus critéir do nósanna imeachta dearbhú cáilíochta (2002)' Leagann an 'Polasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí (2008)' (an doiciméad seo) síos riachtanais fhorlíontacha do chláir chomhoibritheacha.

2.3.2 Tá cláir chomhoibritheacha faoi réir ag ar a laghad na caighdeáin chéanna dearbhú cáilíochta le cineálacha eile clár atá creidiúnaithe ag HETAC nó bailíochtaithe ag foras aitheanta de chuid na Comhairle. Tá soláthraithe comhpháirteacha i gcuibhreannas faoi réir ag ar a laghad na caighdeáin dearbhú cáilíochta céanna le soláthraithe eile clár atá creidiúnaithe ag HETAC.

2.3.3 Ba cheart don chuibhreannas atá freagrach as clár comhoibritheach agus a sholáthraithe comhpháirteacha socruithe cuí trédhearcacha rialachais chorparáidigh a leagadh síos don chuibhreannas mar chosaint ar iompar míchuí, meargántacht agus faillí, acadúil nó airgeadais.

2.3.4 Ba cheart go mbeadh an comhaontú cuibhreannais maidir le soláthar clár comhoibritheach i gcomhéadan le nósanna imeachta dearbhú cáilíochta gach soláthraí comhpháirteach. Tá treoirlínte ar chomhaontuithe cuibhreannais le fáil in Aguisín an doiciméid seo.

2.3.5 Mura bhfuil siad san áireamh sa chomhaontú cuibhreannais féin, ní mór don chuibhreannas nósanna imeachta dearbhú cáilíochta a bhunú dá chuid oibriúcháin agus roinnfear iad seo leis na soláthraithe comhpháirteacha agus beidh siad san áireamh ina gcuid nósanna imeachta dearbhú cáilíochta aonair.

2.4 Comhaontú agus athbhreithniú ar nósanna imeachta cáilíochta

2.4.1 Ba cheart nósanna imeachta dearbhú cáilíochta sholáthraí do chláir chomhoibritheacha, lena n-áirítear comhaontuithe cuibhreannais má bhíonn a leithéidí i gceist, a chur faoi bhráid HETAC le haontú mura bhfuil siad aontaithe cheana.

2.4.2 Féadfar nósanna imeachta dearbhú cáilíochta do chláir chomhoibritheacha a aontú i gcomhthéacs athbhreithniú ar chreidiúnú, ar mheastóireacht nó ar tharmligean údaráis.

2.4.3 Féadfaidh HETAC athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhú cáilíochta do chláir chomhoibitheachta ar leithligh ó chláir eile. Féadfar é seo a dhéanamh i gcomhar le soláthraithe comhpháirteacha agus le gníomhaireachtaí ábhartha seachtracha dearbhú cáilíochta eile.

2.5 Creidiúnú ar chláir chomhoibritheacha: polasaí agus coinníollacha forlíontacha

[3] An Cumann Eorpach do Dhearbhú Cáilíochta in Ardoideachas. [Idirlíon]. (2005). *Caighdeáin agus Treoirlínte do Dhearbhú Cáilíochta sa Réimse Eorpach Ardoideachais.* Ar fáil ó: http://www.bologna-bergen2005.no/Docs/00-Main_doc/050221_ENQA_report.pdf. Rochtain Dheireanach: 23 Meán Fómhair 2008.

2.5.1 Féadfaidh cuibhreannas iarratas a dhéanamh ar HETAC do chreidiúnú i leith chláir chomhoibrithigh. Cuireann doiciméad HETAC '*Polasaí, Critéir agus Próisis Chreidiúnaithe do Chláir Theagaisc agus Thaighde'* síos ar na próisis mhainneachtana agus na critéir ghinearálta chreidiúnaithe.

2.5.2 Beidh creidiúnú/bailíochtú chláir chomhoibrithigh ag brath de ghnáth ar chomhaontú cuibhreannais a bheith tosaithe.

2.5.3 Ní fhéadfaidh soláthraithe comhpháirteacha i gclár comhoibritheach atá creidiúnaithe ag HETAC nó bailíochtaithe ag foras aitheanta de chuid na Comhairle aon chuid dá bhfreagrachtaí nó cearta faoin gcomhaontú a ligean ar fho-chonradh gan comhaontú i scríbhinn ó HETAC nó an foras aitheanta de chuid na Comhairle. Beidh gá le hath-chreidiúnú/bhailíochtú d'aon socrú fo-chonartha dá leithéid.

2.5.4 Ba cheart do gach soláthraí taifead a choinneáil agus a fhoilsiú dá chláir chomhoibritheacha agus soláthraithe comhpháirteacha ar fad.

2.5.5 Go praiticiúil, is é an cuibhreannas an soláthraí chláir chomhoibrithigh agus ainmnítear an cuibhreannas trí na soláthraithe comhpháirteacha a liostáil ar an Teastas Creidiúnaithe/Bailíochtaithe Cláir etc.

2.5.6 Féadfar aon chlár atá creidiúnaithe ag HETAC nó bailíochtaithe ag foras aitheanta de chuid na Comhairle a athrú go clár comhoibritheach. Ní mór clár a thagann ó athrú mar sin a athchreidiúnú/athbhailíochtú i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí a thagann ón athrú, agus a chinntiú ach go háirithe go gcomhlíonann torthaí foghlama tuartha an chláir chomhoibrithigh na caighdeáin dámhachtana ábhartha. Níor cheart glacadh leis go clúdaíonn aon fhaomhadh nó aitheantas ann féin atá ag an gclár bunaigh ó chomhlachtaí ríalaithe, reachtúla nó gairmiúla an clár athraithe.

2.6 Athbhreithniú ar chreidiúnú

2.6.1 Faoi Alt 26 d'Acht na gCáilíochtaí, féadfaidh HETAC athbreithniú a dhéanamh ar chlár comhoibritheach ag am ar bith. Má tá comhchreidiúnú ag an gclár (féach Alt 4) reachtálfar an próiseas athbhreithnithe i gcomhairle leis na comhlachtaí dámhachtana eile de réir an chomhaontaithe comhchreidiúnaithe; ina éagmais sin úsáidfear an próiseas seo a leanas.

2.6.2 Má bhíonn HETAC den tuairim tar éis an athbhreithnithe

i) nach bhfuil an clár ag teacht leis na critéir faoinar bronnadh creidiúnú nó

ii) nach bhfuil na coinníollacha atá ag baint leis an gcreidiúnú á gcomhlíonadh nó

iii) go bhfuil cúiseanna réasúnta eile ann chun creidiúnú a tharraingt siar.

Cuirfidh HETAC a thuairim agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin in iúl don chuibhreannas, le litir seolta go dtí an seoladh ainmnithe.

2.6.3 Féadfaidh an cuibhreannas ionadaíocht a dhéanamh le HETAC laistigh de mhí ón uair a fuair sé an fógra.

2.6.4 Tar éis mí a bheith caite agus tar éis breithniú ar aon ionadaíocht a rinne an cuibhreannas má tá HETAC fós den tuairim go bhfuil cúiseanna dóthanacha ann chun creidiúnú a tharraingt siar, ansin ag cur leas na bhfoghlaimeoirí atá i gceist san áireamh féadfaidh sé a chreidiúnú a tharraingt siar le fógra i scríbhinn go dtí an cuibhreannas.

2.7 Achomharc in aghaidh chreidiúnú a dhiúltú nó a tharraingt siar

2.7.1 Féadfaidh cuibhreannas achomharc a dhéanamh le Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann in aghaidh chreidiúnú a bheith diúltaithe nó tarraingte siar ag HETAC.

3 CLÁIR THRASNÁISIÚNTA GO SONRACH[4]

Ardoideachas agus oiliúint in Éirinn atá mar shainchúram ar HETAC agus dá réir sin ní dhéanfaidh sé creidiúnú/comhchreidiúnú de ghnáth ach ar chláir thrasnáisiúnta a sholáthraíonn soláthraí atá ag feidhmiú go hiomlán nó i bpáirt in Éirinn.

3.1 Réamhábhair

3.1.1 Ciallaíonn **oideachas trasnáisiúnta** chun críche an doiciméid seo soláthar nó páirtsholáthar cláir oideachais in aon **tír**[5] amháin ag soláthraí atá lonnaithe i dtír eile. Is í an **tír sholáthraithe** an tír ina bhfuil an soláthraí lonnaithe. Is í an **tír ghlacadóireachta** an tír ina bhfuil na foghlaimeoirí lonnaithe. D'fhéadfadh iliomad tíortha glacadóireachta a bheith i gceist agus do chláir chomhoibritheacha d'fhéadfadh iliomad tíortha soláthraithe a bheith i gceist. Glacann an ráiteas polasaí leis go bhfuil bunáit ag gach soláthraí in aon tír amháin—tá leathnú an pholasaí agus na gcritéar go dtína mhalairt de chás soiléir. Féadfar an téarma 'trasnáisiúnta' chun críche an doiciméid seo a fhorléiriú mar trasteorann nó trasdhlínsiúil.

3.1.2 Tá cláir thrasnáisiúnta dúshlánach le bunú agus le hoibriú agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh sochar soiléir ó bhunú a leithéid de chlár.

3.1.3 Tá soláthraí freagrach as aon ghníomhaíocht a reachtáltar ina ainm agus agus cuimsíonn an fhreagracht seo cláir thrasnáisiúnta. Dá réir sin, ba cheart do Chomhairle Acadúil (nó coiste coibhéiseach ardleibhéil) sholáthraí an straitéis uileghabhálach do sholáthar trasnáisiúnta a leagadh síos; cláir thrasnáisiúnta a fhaomhadh agus a bheith páirteach i mbunú socruithe ábhartha.

3.1.4 Níor cheart do sholáthraithe smaoineamh ar sholáthar trasnáisiúnta ach amháin

- laistigh de chreatlach straitéis eagraíochtúil shoiléir, réalaíoch chuige sin ar a ndéanfaí athbhreithiú go tréimsiúil;
- mar a bhfuil socruithe don soláthar folláin ó thaobh airgeadais de agus nach laghdódh sé go suntasach inniúlacht ar chláir bailíochtaithe/creidiúnaithe atá bunaithe cheana féin a sholáthar;
- mar a bhfuil an timpeallacht foghlama sách dea-mhaoinithe (le daoine agus le hábhar) le cur ar chumas fhoghlaimeoirí na torthaí foghlama tuartha a bhaint amach go compordach agus iad sin a bheith de réir chaighdeáin dámhachtainí HETAC;

3.1.3 Ba cheart do gach soláthraí eolas sonraithe agus tráthúil a chur ar fáil do HETAC mar gheall ar gach soláthar trasnáisiúnta agus ba cheart dó cead roimhré i scríbhinn a iarraidh ar HETAC do gach ásc nua soláthair trasnáisiúnta a bheadh beartaithe. Tá solathraí, mar atá ráite cheana, freagrach go hiomlán áfach as cibé rud a dhéantar ina ainm.

3.1.4 Ba cheart do sholáthraí a chinntiú go mbíonn gach cur i láthair meán (preaseisiúintí etc.) mar gheall ar a sholáthar trasnáisiúnta fíorasach, cothrom agus cruinn.

3.1.5 Ba cheart go mbeadh cláir thrasnáisiúnta áirithe i bhféilire (nó a choibhéis) an tsoláthraí agus ar a phríomhshuíomh gréasáin.

3.1.6 Ba cheart go gcuirfí in iúl d'fhoghaimeoirí ionchasacha cé hiad na comhlachtaí dámhachtana; stádas creidiúnaithe/bailíochtaithe an chláir; an cineál dámhachtana, an dámhachtain agus a áit sna creatlaigh ábhartha cáilíochtaí; riachtanais réamhfhoghlama agus riachtanais eile iontrála; aitheantas ó comhlachtaí rialála, reachtaíochta nó gairmiúla; struchtúr an chláir agus torthaí foghlama tuartha; na rialacháin atá i gceist; agus sceideal aon tréimhsí staidéir atá le caitheamh lasmuigh den tír ghlacadóireachta chomh maith leis an eolas atá riachtanach de réir 'Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta do

[4] Tá coda de seo oiriúnaithe ó NEASC/CIHE Lgh47

[5] Is féidir tír a fhorléiriú chun críche an doiciméid seo mar chríocha stáit cheannasaigh, dhlínse etc.

Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí' de chuid Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (Aguisín 2) agus Acht na gCáilíochtaí.

3.1.7 Ba cheart go mbeadh pleananna teagmhasacha ag soláthraí ag taispeáint conas is féidir leis a dhualgais i leith fhoghlaimeoirí a chomhlíonadh, ionas sa chás nach féidir leanúint le clár trasnáisiúnta ar leith, go bhfuil socruithe malartacha in áit ionas go bhfuil ar chumas fhoghlaimeoirí atá cláraithe ar an gclár cheana féin aistriú gan mhoill mhíréasúnta go clár cosúil leis agus cáilíocht a ghnóthú atá coibhéiseach leis an gceann a bhí le teacht as an gcéad chlár. I gcás soláthraithe a bhfuil sé ar intinn acu cláir a fheidhmiú ar bhonn tráchtála agus brabúsach, bainfidh Ailt 43 agus 44 d'Acht na gCáilíochtaí leo.

3.1.8 Ba cheart go mbeadh polasaithe agus critéir i dtaca le caighdeáin agus measúnú agus ábhair ghaolmhara coibhéiseach leo sin i leith clár samhlachúil ábhartha Éireannach a sholáthraítear in Éirinn. Baineann na *'Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta do Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí'* de chuid Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann le soláthraithe clár trasnáisiúnta creidiúnaithe/bailíochtaithe ag HETAC nó foras aitheanta de chuid na Comhairle.

3.1.9 Ba cheart go mbeadh seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí (ar nós sláinte, sábháilteacht, leas, socrúcháin, comhairle forbartha gairme agus seirbhísí nach bhfuil nasctha go díreach leis an gclár) ar aon dul leo sin a sholáthraítear d'fhoghlaimeoirí i gcláir lonnaithe in Éirinn. Féach na doiciméid atá luaite i 3.3 do riachtanais eile.

3.1.10 Níl treoirlínte ar leith leagtha síos fós ag HETAC maidir le cianoideachas agus oiliúint. Idir an dá linn iarrtar ar sholáthraithe tagairt do *Cód Cleachtais ar sholáthar Comhoibritheach agus foghlaim sholúbtha agus leithdháilithe (lena n-áirítear ríomhfhoghlaim)* de chuid an Ghníomhaireacht Dearbhú Cáilíochta Ardoideachais (QAA, An Ríocht Aontaithe).

3.1.11 Tá creidiúnú/bailíochtú agus dearbhú cáilíochta clár trasnáisiúnta ina bhfuil soláthar comhoibritheach i gceist faoi réir freisin ag **Alt 2** an doiciméid seo a phléann go sonrach le cláir chomhoibritheacha. Baineann sé seo le gach fo-alt d'Alt 3 den doiciméad seo.

3.2 Socruithe dearbhú cáilíochta seachtracha (lena n-áirítear creidiúnú cláir)

3.2.1 De ghnáth beidh na gníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta dearbhú cáilíochta sna tíortha soláthraithe agus i ngach ceann de na tíortha glacadóireachta páirteach i **ndearbhú cáilíochta** chláir thrasnáisiúnta.

3.2.2 Beidh HETAC de ghnáth ag iarraidh comhaontuithe cuí i dtaca le nósanna imeachta cáilíochta seachtracha (bailíochtú/creidiúnú agus dearbhú cáilíochta) a bhunú le haon ghníomhaireachtaí ábhartha dearbhú cáilíochta seachtrach sna tíortha glacadóireachta.

3.2.3 I gcomhthéacs sholáthair thrasnáisiúnta féadfaidh HETAC, trí chomhaontú, glacadh leis na nósanna imeachta cáilíochta seachtracha a úsáideann gníomhaireachtaí dearbhú cáilíochta seachtracha bunaithe nó aitheanta laistigh den Réimse Eorpach Ardoideachais nó gníomhaireachtaí lena bhfuil meabhrán tuisceana foirmiúil le ceangal dlíthiúil bunaithe ag HETAC mar chomhlíonadh ar a riachtanais féin go hiomlán nó i bpáirt.

3.3 Nósanna imeachta cáilíochta

3.3.1 Baineann Alt 2.3.1 den doiciméad seo *mutatis mutandis* le cláir thrasnáisiúnta.

3.3.2 Ba cheart do sholáthraithe clár trasnáisiúnta na coda ábhartha a leanúint de na *Treoirlínte do Sholáthar Cáilíochta in Oideachas Trasteorann* (OECD/UNESCO 2005) a nglacann HETAC leo le seo mar a Threoirlínte agus na cóid chleachtais atá luaite ansin a úsáid, go háirithe an *Cód Dea-chleachtais i Soláthar Oideachais Thrasnáisiúnta* (2007) Athbhreithnithe de chuid UNESCO/Chomhairle na hEorpa a nglacann HETAC leis le seo mar a Chód Dea-chleachtais.

- Tá an príomhdhualgas i leith dhearbhú cáilíochta ar sholáthraithe. Déanann an Cód tagairt do ról 'fhorais dhámhachtana' i ndearbhú cáilíochta. I gcásanna arbh é HETAC (gan é a bheith ina sholáthraí) an comhlacht dámhachtana

roinntear an fhreagracht seo leis na soláthraithe a bhfuil a gcláir creidiúnaithe ach ní bhaineann freagracht HETAC i dtaca le seo ach le (comh)eisiúint na (gcomh)dhámhachtana.

3.3.3 Tá cláir thrasnáisiúnta faoi réir ag na caighdeáin dearbhú cáilíochta céanna le cineálacha eile clár atá creidiúnaithe ag HETAC nó bailíochtaithe ag foras aitheanta de chuid na Comhairle.

3.3.4 Tá sé tábhachtach go háirithe a chinntiú go mbeadh an polasaí agus na critéir maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne acadúla (lena n-áirítear teagascóirí, taispeántóirí, foireann tacaíochta etc.) atá páirteach i gcláir thrasnáisiúnta coibhéiseach leo sin a bhaineann leis an bhfoireann acadúil atá páirteach i gcláir chreidiúnaithe/bhailíochtaithe a sholáthraítear in Éirinn.

3.3.5 Ba cheart go mbeadh siad sin atá freagrach (go haonarach agus go comhchoiteann) as cláir thrasnáisiúnta a bheith cúramach go háirithe agus iad ag bunú socruithe rialachais chorparáidí atá cuí agus trédhearcach mar chosaint in aghaidh iompair mhíchuí, meargántachta agus faillí.

3.3.6 Tá soláthraí an chláir chreidiúnaithe (i.e. an soláthraí atá ainmnithe ar an Teastas Faofa) freagrach as riarachán agus dearbhú cáilíochta inmheánach clár trasnáisiúnta mura bhfuil an fhreagracht seo roinnte i gcomhthéacs chomhaontú comhoibritheach agus chuibhreannais (bunaithe de réir Alt2). Ciallaíonn sé sin i gcás clár trasnáisiúnta ina bhfuil láithreacht fhisiciúil i dtír eile i gceist agus nach bhfuil comhaontú comhoibritheach le soláthraí lonnaithe sa tír sin i gceist go mbeidh gá le craobhchampas a bhunú faoi cheannas dhuine shinsearaigh ón eagraíocht sholáthraithe atá cáilithe ó thaobh oideachas agus taithí chun ionadaíocht a dhéanamh ar leas an tsoláthraí agus a mbeidh foireann teagaisc agus riaracháin ag tuairisciú chuige.

3.4 Comhaontú agus athbhreithniú ar nósanna imeachta cáilíochta

3.4.1 Baineann Alt 2.4 den doiciméad seo *mutatis mutandis* le cláir thrasnáisiúnta.

3.4.2 D'fhéadfadh cuairteanna ar shuímh sna tíortha glacadóireachta agus d'fhéadfadh aon ghníomhaireachtaí dearbhú cáilíochta ábhartha sna tíortha sin a bheith i gceist in athbhreithniú faoi 3.4. D'fhéadfadh HETAC comhordú a dhéanamh ar na cuairteanna sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach soláthar ábhartha ó thír go tír ar bhonn chúiseanna éifeachtachta.

3.5 Creidiúnú/bailíochtú clár trasnáisiúnta polasaí forlíontach agus coinníollacha

3.5.1 Feadfaidh soláthraí iarratas a dhéanamh ar HETAC do chreidiúnú i leith chláir thrasnáisiúnta. Cuireann doiciméad HETAC *'Polasaí, Critéir agus Próisis Chreidiúnaithe do Chláir Theagaisc agus Thaighde'* síos ar na próisis mhainneachtana agus na critéir ghinearálta creidiúnaithe.

3.5.2 Ní fhéadfaidh soláthraí chláir thrasnáisiúnta atá creidiúnaithe ag HETAC aon chuid dá fhreagrachtaí nó cearta faoin gcreidiúnú a ligean ar fho-chonradh gan comhaontú i scríbhinn ó HETAC. Bheadh gá ag socrú fho-chonartha de ghnáth le hathchreidiúnú roimh chomhaontú.

3.5.3 Ba cheart do gach soláthraí taifead a choinneáil agus a fhoilsiú dá cláir thrasnáisiúnta uile.

3.5.4 Faoi réir ag Alt 3.7, féadfar clár atá creidiúnaithe ag HETAC nó bailíochtaithe ag foras aitheanta de chuid na Comhairle a athrú go clár trasnáisiúnta. Ní mór clár a thagann as a leithéid d'athrú a athchreidiúnú/athbhailíochtú i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí ag éirí as an athrú agus go háirithe chun a chinntiú go gcomhlíonann torthaí foghlama tuartha an chláir thrasnáisiúnta na caighdeáin dámhachtana ábhartha. Níor cheart glacadh leis go gclúdaíonn aon fhaomhadh nó aitheantas ann féin ó chomhlachtaí rialaithe, reachtaíochta nó gairmiúla an clár athruithe.

3.5.5 Mura bhfuil comhoibriú foirmiúil le soláthraí aitheanta ardoideachais (de réir Alt 2) i gceist le clár trasnáisiúnta ansin ní fhéadfaidh an soláthraí aon cheann dá chroí-

fheidhmeanna acadúla i leith na gclár trasnáisiúnta agus seirbhísí gaolmhara a tharmligean. Ba cheart go háirithe, go mbeadh sé freagrach as na taifid bhuana oifigiúla ar fad a choinneáil i leith, fógraíocht agus earcú fhoghlaimeoirí; rochtain, aistriú agus forchéimniú fhoghlaimeoirí; ceapachán foirne acadúla; gach rud a bhaineann le measúnú; leithdháileadh chreidiúintí acadúla (ECTS); nósanna imeachta dearbhú cáilíochta, dámhachtainí a mholadh, agus Dioplóma Forlíontach Europass a eisiúint. I gcás fhorais aitheanta de chuid na Comhairle má tá sé soiléir go dtiteann an soláthar laistigh de scóip a údaráis tharmligthe mar atá mínithe in Alt 3.6 agus ansin amháin tá sé freagrach as bailíochtú agus eisiúint dhámhachtainí agus ní féidir leis na feidhmeanna sin a tharmligean.

3.6 Athbhreithniú ar chreidiúnú agus achomharc in aghaidh creidiúnú a dhiúltú nó a tharraingt siar

3.6.1 Tá feidhm leis na nósanna imeachta agus critéir in Alt 2 *mutatis muntandis*

3.7 Nósanna imeachta agus critéir fhorlíontacha maidir le húdarás a tharmligean le forais aitheanta de chuid na Comhairle le dámhachtainí a dhéanamh

3.7.1 Tá sé mar choinníoll riachtanach chun go ndéanfadh foras aitheanta de chuid na Comhairle dámhachtainí faoi údarás tarmligthe i leith clár trasnáisiúnta go bhfuil údarás tarmligthe go follasach ag HETAC ag sonrú an réimse disciplíne; creatleibhéal na ndámhachtainí agus na cineálacha ar leith dámhachtana lena bhfuil an t-údarás tarmligthe; na tíortha glacadóireachta; na soláthraithe comhpháirteacha más ann dóibh; agus aon suímh fhisiciúla ag a bhfuil na cláir le soláthar. Má dhéanann foras aitheanta de chuid na Comhairle bailíochtú ar chláir bhreise laistigh de scóip an údaráis tharmligthe sin ba cheart dó é sin a chur in iúl do HETAC a eiseoidh údarás tarmligthe foirmiúil don chlár áirithe sin de réir an chleachtais atá ann do cláir theagaisc go ginearálta.

3.7.2 Féadfaidh forais aitheanta de chuid na Comhairle iarratas a dhéanamh ar HETAC ar údarás tarmligthe chun bailíochtú a dhéanamh ar chláir thrasnáisiúnta agus dámhachtainí a dhéanamh i réimse sonraithe dísciplíne; de chineálacha sonraithe dámhachtana, ag creatleibéil shonraithe, do chláir a sholáthraítear i gcomhar le soláthraithe comhpháirteacha sonraithe más ann dóibh, i suímh shonraithe i dtíortha glacadóireachta sonraithe. Má tá gá le húdarás chun comhdhámhachtain a chomhdhéanamh ansin ba cheart iarratas a dhéanamh faoi Alt 4.

3.7.3 Déanfaidh HETAC athbhreithniú ar na hiarratais sin de réir *Critéir agus Nósanna Imeachta do Tharmligean agus Athbhreithniú ar Tharmligean Údaráis le Dámhachtainí a Dhéanamh* (2004) forlíonta ag '*Polasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí*'. Go sonrach, déanfaidh sé measúnú ar na próisis ábhartha atá in úsáid ag an bhforas aitheanta de chuid na Comhairle, oibriúchán na bpróiseas seo agus déanfaidh sé cinneadh ar údarás a tharmligean nó gan údarás a tharmligean leis an bhforas aitheanta de chuid na Comhairle.

3.7.4 Roimh iarratas foirmiúil a dhéanamh faoi Alt 3.7 ar údarás tarmligthe le dámhachtainí a dhéanamh i leith cláir trasnáisiúnta, féadfaidh foras aitheanta de chuid na Comhairle, chun na próisis riachtanacha a dheimhniú, agus oibriúchán na bpróiseas sin a léiriú, tar éis dul i gcomhairle le HETAC, cláir thrasnáisiúnta a fhorbairt i gcomhthéacs an iarratais atá ar intinn aige agus chur chun cinn na gclár trína phróisis bhailíochtaithe cláir ag tagairt do chritéir agus nósanna imeachta ábhartha HETAC ach gan dul chomh fada leis an clár a bhailíochtú agus foghlaimeoirí a earcú.

3.7.5 Má tá údarás tarmligthe chun dámhachtainí faighte cheana féin ag foras aitheanta de chuid na Comhairle, ansin ní dhéanfaidh an t-athbhreithniú faoi Alt 3.7 ach aghaidh a thabhairt ar leathnú ar an tarmligean údaráis. Má tá údarás tarmligthe cheana féin ag foras aitheanta de chuid na Comhairle atá inchomparáide i scóip lena bhfuil riachtanach do sholáthar trasnáisiúnta (go háirithe i dtaca le socruithe comhoibritheacha (Alt 2), tíortha glacadóireachta, cineál dámhachtaine, leibhéal creatoibre agus réimse disciplíne) ansin, de ghnáth, níor cheart go mbeadh a thuilleadh athbhreithnithe riachtanach agus

déanfar údarás a tharmligean de ghnáth nuair a bheidh breithniú déanta ar an iarratas faoi réir ag comhaontú na Comhairle agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

3.7.6 Éilíonn HETAC, *inter alia*, go gcinnteodh aon fhoras aitheanta de chuid na Comhairle ag a bhfuil údarás tarmligthe le dámhachtainí a dhéanamh i leith cláir thrasnáisiúnta go ndéantar bailíochtú agus soláthar ar na cláir thrasnáisiúnta de réir Alt 3 den doiciméid seo.

3.7.7 Níor cheart d'fhoras aitheanta de chuid na Comhairle an t-údarás atá tarmligthe leis ag HETAC a tharmligean é féin ná níor cheart dó cearta chun a stádas aitheanta nó creidiúnú nó údarás tarmligthe a shaincheadúnú, a dhíol nó a aistriú.

4 COMHDHÁMHACHTAINÍ A BHUNÚ AGUS A DHÉANAMH

4.1 Réamábhair

4.1.1 Le comhdhámhachtain *'ba cheart go dtuigfí go bhfuiltear ag tagairt do cháilíocht ardoideachais eisithe i gcomhar le chéile ag foras ardoideachais amháin nó níos mó agus comhlachtaí dámhachtana eile, ar bhonn cláir staidéir a bhfuil comhfhorbairt agus/nó comhsholáthar déanta air ag na forais ardoideachais, i gcomhar freisin b'fhéidir le forais eile'.* [6]

4.1.2 Is í an chúis atá le comhdhámhachtain a dhéanamh ná aitheantas cuí a thabhairt don pháirt a bhí ag dhá sholáthraí nó níos mó (forais ardoideachais de ghnáth) i soláthar comhoibritheach an chláir a bhaineann leis. D'fhéadfadh siad a bheith páirteach mar compháirtithe cothroma ag roinnt na freagrachta as príomheilimintí an chláir ar fad lena n-áirítear teagasc, measúnú agus dearbhú cáilíochta. Éiríonn socruithe, áfach, a bhíonn níos neamhshiméadraí ná sin agus a bhíonn freisin mar bhonn do bhunú comhdhámhachtana. Mar shampla, d'fhéadfaí comhdhámhachtainí a dhéanamh sa chás go bhfuil páirt cheann de na forais teoranta do chomhbhailíochtú agus nósanna imeachta dhearbhú cáilíochta eile don chlár a bhaineann leo.

4.1.3 Is í an roghafhoirm le comhdhámhachtain a eisiúint ná comhdhioplóma aonair (i.e. teastas nó cáilíocht) eisithe ag grúpa comhlachtaí dámhachtana. Aithníonn HETAC go bhféadfadh gá a bheith le níos mó ná aon dioplóma amháin a eisiúint sa chás go mbíonn ar chomhlachtaí difriúla dámhachtana úsáid a bhaint as teidil dámhachtana difriúla (e.g. Céim Comhaltais nó Ardteastas).

4.1.4 Deir Acht na gCáilíochtaí go bhféadfaidh Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn socruithe a dhéanamh le Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, nó le haon údarás eile atá faofa ag Udarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, ó am go chéile, chun dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna a dhéanamh. Ní mór na socruithe chuige sin a bheith faofa ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Baineann an fhoráil seo le socruithe comhdhámhachtana.

4.1.5 Tá comhlacht dámhachtana atá faoi réir ag Acht na gCáilíochtaí freagrach as bailíochtú a dhéanamh ar a chuid clár as a dtagann dámhachtainí atá déanta ina ainm lena n-áirítear chomhdhámhachtainí agus as monatóireacht a dhéanamh ar na cláir seo de réir an achta céanna agus b'fhéidir riachtanais eile fad is nach bhfuil siad bunoscionn lena n-oibleagáidí faoin acht.

4.1.6 Tá creidiúnú/bailíochtú agus dearbhú cáilíochta clár comhdhámhachtana ina a bhfuil soláthar comhoibritheach i gceist faoi réir freisin ag **Alt 2** den doiciméad seo, agus tá cláir ina bhfuil soláthar trasnáisiúnta i gceist faoi réir freisin ag **Alt 3** den doiciméad seo. Baineann sé seo le gach fo-alt d'Alt 4.

4.2 Socruithe seachtracha dearbhú cáilíochta

4.2.1 Tabharfaidh an comhaontú comhdhámhachtana (Alt 4.4, 4.6 agus Aguisín) tuilleadh léargais ar aon socruithe speisialta dearbhú cáilíochta lena n-áirítear comh-athbhreithniú ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhú cáilíochta agus/nó athbhreithniú ar údarás tarmligthe.

4.3 Nósanna dearbhú cáilíochta

4.3.1 Baineann Alt 2.3.1 den doiciméad seo *mutatis mutandi* le comhdhámhachtainí agus cláir ghaolmhara.

4.4 Comhaontú agus athbhreithniú ar nósanna imeachta dearbhú cáilíochta

4.4.1 Baineann Alt 2.4 den doiciméad seo *mutatis mutandi* le comhdhámhachtainí agus cláir ghaolmhara.

---

[6] Tá an téacs iodálaithe bunaithe ar an sainmhíniú ar ghlac (9 Meitheamh 2004) Coiste an Choinbhinsiúin ar Aitheantas do Cháilíochtaí leis i dtaca le hArdoideachas sa Réigiún Eorpach.

4.4.2 D'fhéadfadh aon chomhlachtaí dámhachtana ábhartha agus gníomhaireachtaí seachtracha dearbhú cáilíochta a bheith páireach in athbhreithniú faoi 4.4.

4.5 Páirt HETAC i gcomhchreidiúnú clár agus i ndéanamh comhdhámhachtainí: polasaí agus critéir

4.5.1 Caithfidh aon chlár atá dírithe ar chomhdhámhachtain a bheith údaraithe go cuí chuige sin. Tagraíonn chomhchreidiúnú cláir do na próisis lena sásaíonn grúpa comhlachtaí dámhachtana agus aon údaráis ábhartha eile iad féin go gcomhlíonann an clár na híoschaighdeáin inghlactha chomhaontaithe faoina bhféadfaí é a sholáthar agus agus go bhféadfaí na dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna cuí (bíodh siad eisithe mar ildhioplómaí nó mar chomhdhioplóma aonair) a dhéanamh.

4.5.2 Caithfear mionsonraí na gcaighdeán, polasaithe agus critéir do chomhchreidiúnú agus comhdhámhactainí a dhéanamh a bheith leagtha síos i gcomhaontú chomhdhámhachtana idir HETAC agus na húdaráis ábhartha. De ghnáth ba leor aon doiciméad comhaontaithe amháin a bheadh le síniú ag na páirtithe ar fad chun freastal ar chreidiúnú/bailíochtú cláir, dearbhú cáilíochta, agus dámhacthainí a dhéanamh. Tá treoirlínte maidir le comhaontuithe comhdhámhachtana a dhréachtú le fáil san Aguisín.

4.5.3 I gcomhthéacs chomhchreidiúnú féadfaidh HETAC glacadh leis na próisis a úsáideann comhlachtaí dámhachtana (seachas forais atá aitheanta ag an gComhairle a bhfuil forálacha ina leith in Alt 4.6) atá bunaithe nó aitheanta ag comhlachtaí poiblí atá bunaithe go reachtúil chuige sin, nó ag comhlachtaí coibhéiseacha eile aitheanta laistigh den Réimse Eorpach Ardoideachais agus faofa ag gníomhaireacht dearbhú ardoideachais aitheanta mar chomhlíonadh ar a chuid riachtanas féin.

4.5.4 Féadfaidh soláthraí nó cuibhreannas *comh-iarratas* a dhéanamh ar HETAC agus ar chomhlachtaí dámhachtana eile a bhfuil comhaontú comhdhámhachtana bunaithe ag HETAC leo do chomhchreidiúnú ar chlár ardoideachais agus oiliúna. Cuireann doiciméad HETAC 'Polasaí, Critéir agus Próisis do Chreidiúnú Clár Teagaisc agus Taighde' síos ar na próisis mhainneachtana agus na critéir ghinearálta chreidiúnaithe ach féadfar Alt 4.5.3 a úsáid. I gcásanna ina bhfuil clár creidiúnaithe/bailíochtaithe cheana féin d'fhéadfadh HETAC glacadh le seo faoi 4.5.3.

4.5.5 Tá sé mar choinníoll riachtanach do HETAC chun comhaontú comhdhámhachtana a bhunú agus/nó páirt a ghlacadh i gcomhchreidiúnú cláir go mbeadh na torthaí foghlama tuartha *is ísle* (i.e. caighdeán an chláir) coibhéiseach den chuid is mó leis na torthaí foghlama atá sonraithe ag an gcaighdeán dámhachtana cineálach (foilsithe ag HETAC) don chineál dámhachtana ábhartha laistigh de Chreatoibre Cáilíochtaí na hÉireann[7].

4.5.6 Má tá comhdhámhachtain le comheisiúint mar chomhdhioplóma aonair ansin ba cheart go mbeadh an teideal dámhachtana (e.g. Céim Baitsiléara Onóracha etc.) ar an gcomhdhioplóma de réir teidil an chineáil dámhachtana ábhartha i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí é sin nó eiseofar an chomhdhámhachtain de ghnáth mar ildhioplómaí, ach más indéanta féadfar í a eisiúint mar dhioplóma aonair agus na teidil ildhámhachtana a bheith liostaithe.

4.5.7 Mar thoradh ar chomhchreidiúnú cláir de ghnáth soláthróidh agus eiseoidh HETAC Ordú Comhairle agus Teastas Comhchreidiúnaithe Cláir, ina bhforáilfear, i measc rudaí eile, Teideal an Chláir, Teideal na Dámhachana (Teidil na nDámhachtainí), na comhlachtaí dámhachtana, na soláthraithe, na suímh fhaofa soláthair, caighdeán na dámhachtana, cineál agus leibhéal ar Chreatoibre Náisiúnta an gCáilíochtaí, agus dátaí iontrála tosaigh agus deiridh do mhic léinn. Cuimseoidh an tOrdú Comhairle freisin aon choinníolacha a oireann do HETAC, a chuimseoidh ach nach gcaithfidh a bheith teoranta do, na coinníollacha sin atá sonraithe faoi Alt 25(5) d'Acht na gCáilíochtaí

[7] Tá Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn comhoiriúnach le Tuairiscíní Bhaile Átha Cliath don trí thimthriall i bPróiseas Bhologna agus Creatoibre Cáilíochtaí an Réimse Eorpach Ardoideachais.

(Oideachas agus Oiliúint) 1999. Faoi na coinníollacha atá sonraithe faoi Alt 25(5) tá ar an soláthraí

i. comhoibriú agus tacú le HETAC, agus le Údarás an gCáilíochtaí nuair is cuí, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna;

ii. nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí a bhunú atá cothrom agus comhsheasmhach agus chun na caighdeáin atá leagtha síos ag HETAC a chomhlíonadh;

iii. na nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú atá leagtha síos ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a fhorfheidhmiú; agus

iv. cibé eolas a chur ar fáil a bheadh de dhíth ar HETAC ó am go chéile chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear eolas i leith rátaí críochnaithe.

4.6 Nósanna imeachta agus critéir forlíontacha do tharmligean údaráis le forais aitheanta de chuid na Comhairle chun comhdhámhachtainí a dhéanamh

4.6.1 Faoi réir ag 4.1.4, féadfaidh HETAC údarás a tharmligean le foras aitheanta de chuid na Comhairle chun comhdhámhachtainí a dhéanamh le comhlachtaí dámhachtana eile, i gcomhthéacs sholáthair chomhoibrithigh. Baineann sé seo go sonrach freisin le foras aitheanta a bheadh ag déanamh comhdhámhachtainí le forais aitheanta eile.

4.6.2 Tá sé mar choinníoll riachtanach d'fhoras aitheanta de chuid na Comhairle chun comhdhámhachtainí a dhéanamh le comhlachtaí sonraithe dámhachtana eile faoi údarás tarmligthe go mbeadh comhaontú déanta i dtosach ag HETAC leis na comhlachtaí sonraithe dámhachtana. Beidh a leithéid de chomhaontú i bhfoirm chomhaontú imlíneach comhdhámhachtana ach go dtabharfaí aghaidh ar chuid de na hábhair neamhsonraithe i gcomhaontuithe ábhartha cuibhreannais. Tá treoirlínte do dhréachtú comhaonuithe comhdhámhachtana le fáil san Aguisín.

4.6.3 Má tá sé inmhianta go ndéanfaí comhdhámhachtainí i leith cláir chomhoibritheacha á soláthar ag cuibhreannas ina bhfuil foras amháin nó níos mó de chuid na Comhairle páirteach, féadfaidh foras/forais aitheanta na Comhairle iarratas a dhéanamh ar HETAC le dul isteach i gcomhaontú comhdhámhachtana, mura bhfuil sé déanta cheana, le haon údaráis ábhartha eile agus foras/forais aitheanta na Comhairle chun *inter alia* comhdhámhachtainí a bhunú.

4.6.4 Bheadh HETAC de ghnáth ag iarraidh go mbeadh na comhaontuithe riachtanacha comhdhámhachtana (4.6.3) bunaithe ar bhonn uileghabhálach ag an leibhéal náisiúnta i gcás cuibhreannais ina mbeadh comhpháirtithe as Éirinn agus an Ríocht Aontaithe amháin. D'fhéadfaí an cur chuige seo a leathnú go tíortha eile de réir mar a bhunófaí an t-infreastruchtúr cuí d'aitheantas frithpháirteach.

4.6.5 Féadfaidh foras aitheanta de chuid na Comhairle atá ainmnithe i gcomhaontú comhdhámhachtana bunaithe faoi 4.6.3 iarratas a dhéanamh ar HETAC ar údarás tarmligthe chun comhbhailíochtú a dhéanamh ar chláir nua agus comhdhámhachtainí a dhéanamh i dtaca leis an gcomhaontú sin.

4.6.6 Ba cheart go mbeadh páirt dhíreach shubstaintiúil ag foras aitheanta de chuid na Comhairle i dteagasc agus measúnú fhoghlaimeoirí in aon chláir as a dtiocfadh comhdhámhachtainí a dhéanfaí faoi údarás tarmligthe le comhlachtaí dámhachtana eile.

4.6.7 Ní féidir le foras aitheanta de chuid na Comhairle tarmligean a dhéanamh ar a údarás tarmligthe.

4.6.8 Déanfaidh HETAC athbhreithniú ar iarratais déanta faoi 4.6.5 de réir *Critéir agus Nósanna Imeachta do Tharmligean agus Athbhreithniú ar Údarás chun Dámhachtainí a Dhéanamh* (2004)

agus na nósanna imeachta agus critéir i '*Polasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí*'.

4.6.9 Má tá údarás tarmligthe teoranta cheana féin ag foras aitheanta de chuid na Comhairle chun dámhachtainí a dhéanamh, ansin ní dhéanfaidh an t-athbhreithniú faoi 4.6.5 ach aghaidh a thabhairt ar leathnú an údaráis tharmligthe. Má tá údarás tarmligthe cheana féin ag foras aitheanta de chuid na Comhairle atá inchomparáide ó thaobh scóipe de lena bhfuil sa chomhaontú comhdhámhachtana (go háirithe i dtaca le soláthar comhoibritheach (féach Alt 3), soláthar trasnáisiúnta (féach Alt 4), cineál dámhachtana, leibhéal creatoibre agus réimse disciplíne) ansin, de ghnáth, níor cheart go mbeadh aon athbhreithniú breise riachtanach agus déanfar údarás a tharmligean de ghnáth faoi réir ag comhaontú na Comhairle agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

4.6.10 Éilíonn HETAC, *inter alia,* go gcinnteodh foras aitheanta de chuid na Comhairle, ag a bhfuil údarás tarmligthe chun comhdhámhachtainí a dhéanamh le comhlachtaí dámhachtana eile, go bhfuil na cláir chomhoibritheacha ábhartha bailíochtaithe agus á soláthar de réir pholasaí HETAC, *Polasaí do chláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí'*.

4.6.11 Ba cheart do fhoras aitheanta de chuid na Comhairle ag a bhfuil údarás tarmligthe faoi 4.6 próiseas láidir oibriúcháin a bhunú leis na comhlachtaí dámhachtana eile chun na teastais dhámhachtana agus an Dioplóma Forlíontach Europass a eisiúint.

4.6.12 Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh gach foras aitheanta de chuid na Comhairle eolas sonraithe agus tráthúil ar fáil do HETAC i dtaca le gach cineál soláthar comhoibritheach ina bhfuil sé páirteach.

4.6.13 Féadfaidh HETAC athbhreithniú a dhéanamh ar údarás tarmligthe nó é a tharraingt siar de réir Alt 30 d'Acht na gCáilíochtaí agus tar éis dul i gcomhairle leis na sínitheoirí (páirtithe) eile leis an gcomhaontú comhdhámhachtana.

5 TAGAIRTÍ

Measadh go raibh na foinsí seo a leanas i dteannta na gcinn atá luaite cheana cabhraitheach agus an doiciméad seo á dhréachtú

Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) agus Líonra Cáilíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (APQN). [Idirlíon]. (2007). *Ag rialú chaighdeán an oideachais trasteorann.* Ar fáil ó: http://www2.unescobkk.org/elib/publications/087/APQN_Toolkit.pdf. An rochtain is déanaí: 23 Meán Fómhair 2008.

Líonra ENIC (Comhairle na hEorpa/ UNESCO) agus Líonra NARIC (Coimisiún Eorpach). [Idirlíon]. (2003). *Dréachtmholadh ar Aitheantas do Chomhchéimeanna.* Ar fáil ó: http://www.eua.be/eua/jsp/en/upload/FAQ_Recommendation%20on%20Joint%20Degrees.1070637590566.pdf. An rochtain is déanaí: 23 Meán Fómhair 2008.

An Ghníomhaireacht Dearbhú Cáilíochta Ardoideachais. [Idirlíon]. (2004). *Cód cleachtais do dhearbhú cáilíochta agus caighdeán acadúil san ardoideachas.* Alt 2: *Soláthar comhoibritheach agus foghlaim sholúbtha agus leithdháilithe (lena n-áirítear ríomhfhoghlaim)* Ar fáil ó: http://www.eua.be/eua/jsp/en/upload/FAQ_Recommendation%20on%20Joint%20Degrees.1070637590566.pdf. An rochtain is déanaí: 23 Meán Fómhair 2008.

Cumann Eorpach na nOllscoileanna. [Idirlíon]. (2004). *Ag Forbairt Comhchlár Máistreachta don Eoraip*. Caibidil 8: *Rialacha Óir do Chomhchláir Nua Máistreachta.* Ar fáil ó: http://www.eua.be/eua/jsp/en/upload/Joint_Masters_report.1087219975578.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Ionad Taighde d'Oideachas Teangacha agus Cultúr. [Idirlíon]. (2005). *Creat oibre do dhearbhú cáilíochta i bhforbairt agus seachadadh clár easchósta i dteangacha seachas Béarla.* Scarino, R., Crichton, J. & Papademetre, L. Achoimre feidhmiúcháin. Ar fáil ó: http://aei.dest.gov.au/AEI/GovernmentActivities/QAAustralianEducationAndTrainingSystem/USA_2_exSum_pdf.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Comharchumann an Iarthair do Theileachumarsáid Oideachais agus Coimisiún Ardoideachais Chumann an Lárthuaiscirt. [Idirlíon]. (2001). *Dea-chleachtais do Chláir Céime agus Teastais á dTairiscint go Leictreonach.* Ar fáil ó: http://www.ncahlc.org/download/Best_Pract_DEd.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Soláthraíonn an Fhaireachlann ar Ardoideachais Gan Teorainneacha mioneolas inspéise do sholáthróirí agus soláthróirí ionchasacha clár trasnáisiúnta.

Is foinse úsáideach eolais eile é an Foras Idirnáisiúnta Oideachais http://iienetwork.org/

Ollscoil Uladh [Internet]. (2008). *Treoir do Chomhoibriú i Soláthar Clár Staidéir.* Ar fáil ó http://www.ulster.ac.uk/academicoffice/download/Handbooks/Guide%20to%20Collaboration.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Údarás Cáilíochtaí na hÉireann. [Idirlíon]. (2003). *Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta maidir le Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí.* Ar fáil ó: http://www.nqai.ie/docs/publications/10.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Coimisiún Scoileanna agus Choláistí Chumann New England ar Fhorais Ardoideachais. [Idirlíon]. (2003). *Polasaí maidir le Socraithe Conarthacha ag baint le Cúrsaí agus Cláir.* Ar fáil ó:

http://cihe.neasc.org/downloads/POLICIES/Pp12_Policy_on_Contractual_Arrangements_Involving_Courses_and_Programs.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

Coimisiún Scoileanna agus Choláistí Chumann New England ar Fhorais Ardoideachais. [Idirlíon]. (2003). *Prionsabail Dhea-chleachtais i gCláir Idirnáisiúnta Oideachais Thar Lear do Náisiúnaigh Neamh-S.A.M.* Ar fáil ó: http://cihe.neasc.org/downloads/POLICIES/Pp47_Overseas_programs_for_non-US_Nationals.pdf. An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

6 AGUISÍN

6.1 Treoirlínte maidir le comhaontú Cuibhreannais a dhréachtú

Ba cheart go gcinnteodh comhaontú cuibhreannais go gcuirfí soláthar oideachais agus oiliúna agus agus seirbhísí gaolmhara ar fáil i mbealach sruthlínithe agus de réir pholasaí agus threoirlínte HETAC agus aon riachtanais dhlisteanacha eile; agus de ghnáth[8]

Socruithe ginearálta

a) an cuibhreannas a leagadh síos agus a shonrú (ag tabhairt le fios cé hiad na soláthraithe comhpháirteacha agus cad é an seoladh ainmnithe cumarsáide);

b) cearta agus oibleagáidí na soláthraithe comhpháirteacha ar fad a leagadh síos;

c) an cineál seirbhíse atá le feidhmiú ag gach soláthraí comhpháirteach a leagadh síos; scóip an chomhaontaithe agus an clár/na cláir ábhartha agus an dámhachtain/na dámhachtainí a thiocfaidh as gach ceann acu a shonrú;

d) tréimhse an chomhaontaithe a leagadh síos;

e) na coinníollacha faoina ndéanfar athbhreithniú agus faoina ndéanfar athnuachaint ar an gcomhaontú a leagadh síos;

f) soláthar a dhéanamh do leasú an chomhaontaithe;

g) an t-eintiteas (an cuibhreannas de ghnáth) a bheadh faoi dhliteanas ag foghlaimeoirí as aon easnaimh i soláthar oideachais agus oiliúna;

h) aon teorainneacha ar dhliteanas a shonrú agus soláthar a dhéanamh do shlánú fhrithpháirteach;

i) soláthar a dhéanamh do dhíospóidí a réiteach i dtaca leis an gcomhaontú;

j) soláthar a dhéanamh chun an comhaontú a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí (ag leagadh síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaí é seo a dhéanamh) ag tabhairt aird ar na foghlaimeoirí atá i gceist;

k) socruithe cuí a dhéanamh do chosaint fhoghlaimeoirí mar atá ordaithe in Alt 43 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) agus i ngach cás d'oibleagáidí iarmharacha d'fhoghlaimeoirí ar fhoirceannadh an chomhaontaithe;

l) an dlínse ina bhfuil an comhaontú achtaithe agus inar cheart é a léirmhíniú a ainmniú;

m) próiseas a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí i dtaca leis an gcomhaontú lena n-áirítear aon sáruithe meabhairbhraite ar an gcomhaontú agus gearáin ó fhoghlaimeoirí agus fostaithe bainteacha.

Socruithe airgeadais

n) socruithe airgeadais a lua

   i. a thugann aghaidh ar leithdháileadh aon ioncam ag éirí as seirbhísí a sholáthraíonn gach ceann de na soláthraithe comhpháirteacha;

   ii. a dhearbháionn cumas gach soláthraí comhpháirteach cuntas a thabhairt ar ioncam agus caiteachas ag baint leis an gcuibhreannas;

   iii. a shásaíonn na riachtanais dhlíthiúla ar fad sna dlínsí bainteacha ar fad;

[8] Tá coda de seo oiriúnaithe ó NEASC/CIHE Lch12

iv. a dhéanann dóthain soláthair do chosaint fhoghlaimeoirí mar atá luaithe i bparagraf j.

Socruithe sonracha i dtaca le gach ceann de na cláir atá clúdaithe ag an gcomhaontú

o) paraiméadair bhunúsacha an chláir a shonrú lena n-áirítear réamhfhoghlaim agus riachtanais iontrála eile, straitéis measúnaithe cláir agus torthaí foghlama tuartha;

p) an comhlacht nó comhlachtaí dámhachtana mar aon leis na comhaontaithe riachtanacha dámhachtana a shonrú.

q) oibleagáid a chur ar sholáthraithe comhpháirteacha a bheith rannpháirteach sa phróiseas athbhreithnithe/creidiúnaithe/bailíochtaithe do chlár comhoibritheach a éilíonn na comhlachtaí dámhachtana ábhartha agus chun aon choinníolacha atá ceangailte leis an athbhreithniú/creidiúnú/bailíochtú a chomhlíonadh;

r) nósanna imeachta dearbhú cáilíochta a leagadh síos don chlár comhoibritheach agus a éileamh ar sholáthraithe comhpháirteacha comhoibriú le agus a bheith rannpháirteach i nósanna dearbhú cáilíochta a chéile agus i meastóireachtaí cáilíochta gaolmhara a bheadh eagraithe go hinmheánach nó go seachtrach, agus ag cinntiú freisin go mbeadh sé aitheanta go sásaíonn nósanna imeachta dearbhú cáilíochta ag baint leis na cláir chomhoibritheacha na riachtanais náisiúnta i dtír gach soláthraí comhpháirteach;[9]

s) a fhoráil go ndéanfadh na comhlachtaí dámhachtana ábhartha monatóireacht ar cháilíocht agus caighdeáin an chláir agus sheirbhísí gaolmhara;

t) a éileamh, agus soláthar dó, go gcomhchuideodh na soláthraithe comhpháirteacha mar is cuí le soláthar an chláir;

u) sonrú a dhéanamh ar na rialacháin (i dtaca le earcaíocht, rochtain agus iontráil, caighdeán acadúil, aistriú, forchéimniú, measúnú, achomhairc, gearáin etc.) a bhaineann leis na foghlaimeoirí nó foghlaimeoirí ionchasacha atá i gceist agus freisin ag cinntiú go bhfeidhmítear na nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú, agus forchéimniú mar atá leagtha síos ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann[10];

v) mionsonrú a dhéanamh ar chearta agus teidlíochtaí fhoghlaimeoirí (lena n-áirítear na seirbhísí riachtanacha tacaíochta d'fhoghaimeoirí) ag suímh gach ceann de na soláthraithe comhpháirteacha agus conas a dhéanfar seachadadh ar na seirbhísí ábhartha agus conas is féidir rochtain fhoghlaimeoirí orthu sin a chinntiú;

w) déileáil go sainiúil le soláthar, agus rochtain fhoghlaimeoirí ar, acmhainní daonna agus ábhair;

x) mionsonrú a dhéanamh (le réasúnaiocht shainiúil bunaithe ar na caighdeáin thorthaí foghlama a éilíonn an comhlacht nó na comhlachtaí dámhachtana agus aon riachtanais fhaofa eile is gá) ar an straitéis measúnaithe cláir agus nósanna imeachta measúnaithe fhoghlaimeoirí don chlár agus na coinníollacha faoina mholfaí dámhachtain agus soláthar a dhéanamh do scrúdaitheoirí seachtracha;

[9]Éascóidh bunú comhaontaithe creidiúnaithe frithpháirteacha idir gníomhaireachtaí ábhartha dearbhú cáilíochtaí a leithéid d'aitheantas.

[10]. Údarás Cáilíochtaí na hÉireann. [Idirlíon]. (2003). *Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta do Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí.* Ar fáil ó: http://www.nqai.ie/docs/publications/10.pdf .Last Accessed: An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

y) an t-eolas a éilíonn gníomhaireachtaí dearbhú cáilíochta seachtracha a bhailiú agus a choinneáil agus Dioplóma Forlíontach Europass a chur ar fáil le heolas iomlán mar gheall ar chreidiúintí ECTS a tuilleadh ar an gclár comhoibritheach;

z) a éileamh go spreagfadh soláthraithe comhpháirteacha agus go ndéanfadh siad soláthar do chomhoibriú idir a gcuid foireann i dtaca leis an gclár;

aa) déileáil le cearta maoine intleachtúla ábhartha don chomhoibriú;

Soláthar Trasnáisiúnta

bb) a éileamh, i gcás soláthair thrasnáisiúnta, go gcomhlíonfaí Alt 4 den doiciméad seo.

6.2 Treoirlínte maidir le dréachtú comhaontuithe comhdhámhachtana

Ba cheart go ndéanfadh comhaontuithe de ghnáth:

a) Teorainneacha soiléire lena scóip a leagadh síos i dtaca le

i. na cláir agus/nó na réimsí disciplíne mar is cuí;

ii. na dámhachtainí agus/nó na cineálacha dámhachtainí;

iii. na soláthraithe; agus

iv. na suímh le haghaidh soláthair

b) a shocrú, do gach ceann de na cineálacha dámhachtana atá clúdaithe ag an gcomhaontú, le húdarás pháirtithe údaraithe an chomhaontaithe agus ag tagairt do na creataí oibre náisiúnta cáilíochtaí ábhartha agus aon chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha ar cháilíochtaí, cén caighdeán eolais, scile agus inniúlachta atá le baint amach ag foghlaimeoir sular féidir dámhachtain a dhéanamh/mholadh; ba cheart go mbeadh na caighdeáin mhionsonraithe do chláir a fhorbraítear ionas go dtiocfadh comhdhámhachtainí astu mar atá leagtha síos sa chomhaontú sonraithe sna comhaontaithe cuibhreannais cuí;

c) aon fhorais aitheanta de chuid na Comhairle a ainmniú a fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar HETAC do chomh-údaras tarmligthe chun comhdhámhachtainí a dhéanamh faoin gcomhaontú agus ról agus freagrachtaí gach foras dá leithéid a shonrú;

d) a lua go bhfuil na cláir atá clúdaithe ag an gcomhaontú faoi réir ag faomhadh agus athfhaomhadh ag na comhlachtaí ábhartha ar fad faoin bpróiseas creidiúnaithe/bailíochtaithe atá leagtha síos (e) agus soláthar a dhéanamh, nuair is cuí, ionas go mbeadh creidiúnú/bailíochtú clár nua clúdaithe ag an gcomhaontú agus

e) an polasaí agus na critéir do chreidiúnú/bailíochtú cláir a leagadh síos (nó soláthar a dhéanamh chun é a leagadh síos) a dhéanfaidh *inter alia*

i. comhphróiseas creidiúnaithe/bailíochtaithe a bhunú (ba cheart go gcuimseodh an próiseas (I) féinmheasúnú ag an soláthraí, (II) athbhreithniú ag saineolaithe seachtrachta neamhspleácha agus (III) foilsiú torthaí na measúnóirí);

ii. a chinntiú go leagann an soláthraí/na soláthraithe síos nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar fhoglaimeoirí a spreagfaidh foghlaim éifeachtúil agus atá cothrom agus comhsheasmhach agus chun caighdeáin atá socraithe faoi (2.4-b) a chomhlíonadh;

iii. a chinntiú go bhfuil gach cuid den chlár agus a sholáthraithe faoi réir ag measúnú cáilíochta trédhearcach;

iv. soláthar do (i) comh-athchreidiúnú/athbhailíochtú, (ii) comh-athbhreithniú ar chreidiúnú/bailíochtú ag am ar bith agus (iii) aistharraingt creidiúnú/bailíochtú ag tabhairt aird ar leas na bhfoghlaimeoirí atá i gceist;

v. próiseas a sholáthar chun achomharc a dhéanamh ar dhiúltú nó aistharraingt creidiúnú/bailíochtú; agus

vi. a éileamh, má tá an clár á sholáthar ag cuibhreannas, go bhfuil creidiúnú/bailíochtú ag brath ar chomhlíonadh an chomhaontú cuibhreannais (Alt 3).

f) polasaí agus critéir a leagadh síos (nó soláthar a dhéanamh chun iad a leagadh síos) chun dámhachtainí a dhéanamh (nó a chúlghairm) a dhéanfaidh de ghnáth:

i. na caighdeáin atá socraithe faoi (b) a fheidhmiú;

ii. soláthar do leagadh síos próisis oibriúcháin chun dámhachtainí a dhéanamh ag cur síos ar fhoirm an pháir, an tsearmanais dámhachtana, éide acadúil, an chomhlachta a bheidh freagrach as clár dámhachtainí atá déanta a bhunú agus a choinneáil go slán agus go buan agus páir a eisiúint;

iii. ag féachaint do riachtanais choinbhinsiún aitheantais Liospóin agus comhaontuithe ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta soláthar chun (i) a chinntiú go mbeidh aitheantas leathan ag an gcomhdhámhachtain agus (ii) a dheimhniú go mbeidh aitheantas ag an gcomhdhámhachtain ar a laghad i dtíortha na gcomhlachtaí dámhachtana;

iv. soláthar d'eisiúint Dhioplóma Fhorlíontaigh;[11]

v. soláthar do shannadh chreidiúint an Chóras Eorpach Aistriú Creidiúna (ECTS) don chlár agus, más cuí, dá pháirteanna.

vi. soláthar do phróiseas achomharc i dtaca le cinntí a bheadh déanta ag na comhlachtaí dámhachtana;

g) soláthar do chomhaontú ar nósanna imeachta dearbhú cáilíochta sholáthraithe;

h) soláthar do shlánú frithpháirteach;

i) soláthar do réiteach aon díospóidí i dtaca leis an gcomhaontú;

j) soláthar d'fhoirceannadh an chomhaontaithe;

k) soláthar do leasuithe ar an gcomhaontú; agus

l) an dlínse a ainmniú ina n-achtaítear an comhaontú agus ina ndéanfaí léirmhíniú air.

6.3 Prionsabail Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann (2007)

1. Ba cheart formhíniú, forfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar **shocruithe trasnáisiúnta** chun rochtain ar staidéir ardoideachais a leathnú, chun freagairt go hiomlán do riachtanais oideachasála fhoghlaimeoirí, cuidiú lena bhforbairt chognaíoch, chultúrtha, shóisialta, pearsanta agus ghairmiúil, agus cloí le reachtaíocht náisiúnta maidir le

[11] "Ba cheart go gcuirfeadh an Dioplóma Forlíontach a eisítear leis an gcomhchéim síos ar gach páirt den chéim, agus ba cheart go luafadh sé go soiléir na forais agus/nó na cláir staidéir ag ar tuilleadh na páireanna difriúla den chéim." (ENIC/NARIC).

Ba cheart go gcuimseodh an dioplóma forlíontach trasthagairtí má eisítear ildhioplómaí ar fhoghlaimeoir i leith chomhchláir.

hardoideachas sna tíortha glacadóireachta agus seachadta araon. I gcás socruithe comhoibritheacha ba cheart go mbeadh comhaontuithe nó conarthaí scríofa faoi cheangal dlí ann ag leagadh síos cearta agus oibleageáidí na gcomhpháirtithe ar fad. Chun críche 6.3 beidh foras dámhachtana a bheidh in institiúid teicneolaíochta i measc na gcomhpháirtithe mar aon le forais sholáthair ar a mbeidh na forais ar fad atá páirteach i soláthar.

2. Ba cheart go mbeadh **cáilíocht agus caighdeáin acadúla** clár trasnáisiúnta inchomparáide ar a laghad le cuid an fhorais dámhachtana chomh maith le cuid na tíre glacadóireachta. Tá forais dámhachtana chomh maith leis na forais sholáthair cuntasach agus freagrach go hiomlán as dearbhú agus rialú cáilíochta. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta agus cinntí maidir le cáilíocht sheirbhísí oideachais a sholáthraítear le socruithe trasnáisiúnta bunaithe ar chritéir shonracha, atá trédhearcach agus córasach.

3. Ba cheart go mbeadh **polasaí agus misiún** foras atá bunaithe le socruithe trasnáisiúnta, a struchtúir bhainistíochta agus áiseanna oideachasúla, mar aon le **spriocanna, cuspóirí agus ábhar** clár ar leith, grúpaí cúrsaí staidéir, agus seirbhísí oideachasúla eile foilsithe agus curtha ar fáil ar iarratas d'údaráis agus do thairbhithe ó na tíortha glacadóireachta agus seachadta araon.

4. Ba cheart go mbeadh **eolas** a thugann foras dámhachtana, eagraíocht sholáthair, nó gníomhaire do mhic léinn ionchasacha agus dóibh sin atá cláraithe ar chlár staidéir bunaithe le socruithe trasnáisiúnta cuí, cruinn, comhsheasmhach agus iontaofa. Ba cheart go gcuimseodh an t-eolas treoracha do mhic léinn mar gheall ar na cainéil chuí d'ábhair imní faoi leith, gearáin agus achomhairc. Má sheachadtar clár le socrú comhoibritheach, ba cheart go mbeadh cur síos soiléir déanta ar nádúr an tsocraithe agus dualgais na bpáirtithe. Tá an foras dámhachtana freagrach as agus ba cheart dó rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar eolas a chuireann gníomhairí ag oibriú ar a shon os comhair an phobail, lena n-áirítear eolas mar gheall ar aitheantas na gcáilíochtaí sa tír ghlacadóireachta, agus in áiteanna eile.

5. Ba cheart go mbeadh **baill foirne** foras nó iad sin atá ag teagasc ar chláir atá bunaithe le socruithe trasnáisiúnta oilte i dtéarmaí cáilíochtaí, teagaisc, taighde agus taithí gairmiúil eile. Ba cheart don fhoras dámhachtana a chinntiú go bhfuil bearta éifeachtúla in áit aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar oilteacht foirne atá ag seachadadh clár as a dtagann a cháilíochtaí.

6. Ba cheart go spreagfadh socruithe oideachais trasnáisiúnta feasacht agus eolas ar **chultúr agus gnásanna** na bhforas dámhachtana agus na tíre glacadóireachta araon i measc mac léinn agus foirne.

7. Ba cheart go mbeadh an foras dámhachtana freagrach as na **gníomhairí** a cheapann sé féin, nó a chuid foras comhpháirteacha, chun gníomhú ar a shon. Ba cheart d'fhorais a úsáideann gníomhairí comhaontuithe nó conarthaí i scríbhinn faoi cheangal dlí a dhéanmh leo seo, ag leagadh síos go soiléir a gcuid rólanna, freagrachtaí, cumhachtaí tarmligthe gníomhaíochta mar aon le forálacha monatóireachta, eadrána agus foirceanta. Ba cheart na comhaontuithe nó conarthaí i scríbhinn seo a dhéanamh ina theannta sin ag féachaint le coinbhleacht leasa a sheachaint. Ba cheart go leagfadh siad síos freisin an t-eolas a bheadh le soláthar ag an ngníomhaire do mhic léinn ionchasacha agus do mhicléinn ag aon phróisis ionduchtaithe. Ach níor cheart d'fhoras aitheanta de chuid na Comhairle (HETAC) aon chumhachtaí atá tarmligthe leis ag HETAC a tharmligean. Chomh maith leis sin tá scóip an údaráis is féidir a dhílárú go gníomhairí laghdaithe ag *Polasaí maidir le cláir chomhoibritheacha, cláir thrasnáisiúnta agus comhdhámhachtainí (2008).*

8. Ba cheart go mbeadh **forais dhámhachtana** freagrach as na cáilíochtaí a thagann as a gcláir staidéir trasnáisiúnta a eisiúint. Ba cheart go gcuirfeadh siad eolas soiléir

trédhearcach ar fáil ar na cáilíochtaí, go háirithe trí úsáid a bhaint as an Dioplóma Forlíontach, ag éascú measúnú na gcáilíochtaí ag comhlachtaí inniúla aitheantais, forais ardoideachais, fostóirí agus eile. Ba cheart go gcuimsodh an t-eolas seo cineál, fad, ualach oibre, suíomh agus teanga(cha) an chláir staidéir as a dtiocfadh na cáilíochtaí.

9. Ba cheart go mbeadh **na critéir iontrála** do mhic léinn go cúrsa staidéir, **na gníomhaíochtaí teagaisc/foghlama, na riachtanias scrúdaithe agus measúnaithe** do sheirbhísí oideachasúla a sholáthraítear faoi shocruithe trasnáisiúnta coibhéiseach leo sin do chláir atá mar a chéile nó inchomparáide atá á seachadadh ag an bhforas dámhachtana.

10. Ba cheart go mbeadh **an t-ualach oibre acadúil** i gcláir staidéir thrasnáisiúnta, curtha in iúil i gcreidiúintí, aonaid, fad staidéir nó eile, mar a bheadh do chláir inchomparáide sa bhforas dámhachtana, agus dá mbeadh aon difríocht i dtaca le seo bheadh gá le ráiteas soiléir faoina réasúnaíocht agus an tionchar a bheadh aige ar aitheantas cáilíochtaí.

11. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar **cháilíochtaí** a eisítear trí chláir oideachasúla thrasnáisiúnta, a chomhlíonann forálacha an Chóid reatha, de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i gCoinbhinsiún Aitheantais Liospóin.

6.4 Rochtain, Aistriú agus Forcheimniú

Sliocht as Polasaíthe, gníomhartha agus nósanna imeachta do Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann 2003[12] (lch 36,37)

Gníomhartha agus nósanna imeachta ar eolas a sholáthar----Soláthraithe breis agus ardoideachais agus oiliúna

Chun a chinntiú go mbeidh an éifeacht is mó ag an gCreatoibre ar thrédhearcacht agus soiléire d'fhoghlaimeoirí a chur chun cinn, tá nósanna imeachta leagtha síos ag na Údarás do sholáthraithe chun a chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí agus foghlaimeoirí ionchasacha in ann eolas cuimsitheach a fháil ar na féidearthachtaí do rochtain, aistriú agus forchéimniú i mbealach soiléir, simplí agus comhsheasmhach. Tá na nósanna imeachta seo i bhfoirm phrótacail eolais atá le leanúint ag gach soláthraí ábhartha mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht.

- tá ainm an chomhlacht dámhachtana agus an teideal, cineál dámhachtana agus leibhéal creatoibre ainmnithe na dámhachtana a bhaineann leis an gclár sin le cur in iúl ag gach soláthraí d'fhoghlaimeoirí atá ag tosú ar chlár

- foilseoidh gach soláthraí, do gach uile chlár, i bhformáid caighdeánach agus inrochtana:
  - na socruithe do cháilitheacht iontrála, lena n-áirítear, an t-eolas, scil agus inniúlacht ba ghá d'fhoghlaimeoir mar bhunús do rannpháirtíocht ráthúil ar an gclár
  - socruithe chun measúnú a dheanamh ar cháilitheacht iontrála fhoghlaimeora
  - socruithe roghnaithe eile, má bhaineann
  - ráiteas ar shocruithe atá ar fáil chun aitheantas a thabhairt do réamhfhoghlaim, d'iontráil go gach ceann dá gcláir agus do rochtain ar dhámhachtain

[12] Údarás Cáilíochtaí na hÉireann. [Idirlíon]. (2003). *Polasaithe, gníomhartha agus nósanna imeachta do Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí, lgh. 36-37*. Ar fáil ó: http://www.nqai.ie/docs/publications/10.pdf . An rochtain is déanaí: 24 Meán Fómhair 2008.

    - féidearthachtaí d'aistriú agus/nó forchéimniú a bhaineann leis an gclár, lena n-áirítear nascanna sonracha forchéimnithe ábhartha
    - sonraí thacaíocht fhoghlama atá ar fáil do ghrúpaí sonracha foghlama ar nós fhoghlaimeoirí le míchumais, nó foghlaimeoirí nach é an Béarla a mháthairtheanga

- cuimseoidh gach doiciméadú eolais agus poiblíochta ag tagairt don chlár as a dtiocfadh dámhachtain ráiteas ar na socruithe iontrála, agus cur síos ar na féidearthachtaí aistrithe agus/nó forchéimnithe isteach i agus amach as an gclár

    - cuimseoidh aon doiciméad forlíontach (i.e. teastas nó dioplóma forlíontach chun trédhearcacht dámhachtana a chur chun cinn) eisithe ag soláthraithe le cumhachtaí neamhspleácha dámhachtana eolas mar gheall ar:
    - áitiú na dámhachtana sa Chreatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí
- ainm an chomhlacht dámhachtana agus teideal, cineál dámhachtana agus leibhéall creatoibre ainmnithe na dámhachtana, na deiseanna aistrithe agus forchéimnithe ag baint leis an dámhachtain.